

# Topaic: Tacaíocht a thabhairt do Luathmhatamaitic páistí mar bhonn le STEM (3-6 bliana d'aois)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus *Síolta* araon ar an tábhacht atá le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt iomlánaíoch an pháiste, lena n-áirítear STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic).

Sa seisiún gairid forbartha gairmiúla leanúnaí seo, foghlaiméoidh tú faoin tábhacht atá le taithí luath ar an matamaitic a chothú, mar gur cuid bhunúsach í de STEM. Tarraingítear aird sna hacmhainní molta féachana, léitheoireachta agus machnaimh ar an gcaoi ar féidir leat tacú le foghlaim páistí sa luathmhatamaitic trí shúgradh agus taithí phraiticiúil. Tarraingítear aird freisin ar an tábhacht atá le teanga na matamaítice a úsáid i do shuíomh luathóige.

Cuireann an mhatamaitic bonn taca faoin taithí foghlama STEM ar fad

## Príomhnaísc

- [Téama Aistear maidir le Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht](#)
- [Síolta Caighdeán 6: Súgradh](#)



	Féach ar an bhfíseán 3 nóiméad seo, <a href="#">Building on young children's every day maths experiences (3-6 years)</a> lena fháil amach ón Ollamh Doug Clements conas is féidir leat tuiscint páistí ar an domhan a fhorbairt tríd an matamaitic.	<input type="checkbox"/>
	Féach ar an bhfíseán 2 nóiméad seo, <a href="#">Enriching play with the language of mathematics, (Breith-6 bliana d'aois)</a> chun éisteacht leis an Ollamh Doug Clements ag tarraingt aird ar an tábhacht le teanga na matamaítice a úsáid i do shuíomh luathóige.	<input type="checkbox"/>
	Féach ar an Dr Liz Dunphy agus í ag roinnt smaointe praiticiúla chun gnéithe difriúla den tomhas a chur in iúl do pháistí san fhíseán 7 nóiméad seo, <a href="#">Using play in preschool settings to think and talk about measure</a> .	<input type="checkbox"/>
	Féach ar an bhfíseán 4 nóiméad seo, <a href="#">Using books in preschool settings to think and talk about measure</a> to get ideaschun smaointe a fháil ón Dr Liz Dunphy faoi leabhair a d'fhéadfadh cabhrú le páistí coincheapa a fhorbairt agus teanga an tomhais a foghlaim. <a href="https://player.vimeo.com/video/507660919">https://player.vimeo.com/video/507660919</a>	<input type="checkbox"/>
	Léigh an leidbhileog seo, <a href="#">Foghlaim faoi thomhas</a> , lena fháil amach cad é an stór focal nach mór do pháistí a thuisceann, maidir le fad, airde, agus mar sin de. Cé gur forbraíodh do thuismitheoirí í, tá sí an-úsáideach do chleachtóirí freisin.	<input type="checkbox"/>



Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh



Gníomh is féidir liom a ghlacadh . . .



Nasc chuig an Treoir Chleachtais Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Siolta

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin Treoir Chleachtais Aistear Siolta ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie)

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland